Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15272/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0386(NLE)**

**ELARG 80**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 681 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 681 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 681 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 681 final

2023/0386 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chuir údaráis na hAlbáine in iúl gur spéis leo dhá Chomhchoiste Comhairliúcháin a bhunú le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún.

Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún i bhfabhar creat institiúideach a chur ar fáil don idirphlé beartais leis an Albáin i gcomhthéacs a réimsí inniúlachta faoi seach.

Is é is aidhm do na Comhchoistí Comhairliúcháin idirphlé agus comhar a eagrú idir a gcomhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe eile na sochaí sibhialta agus a n–údaráis réigiúnacha agus áitiúla.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

I gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais leis an Albáin ar cuireadh tús léi le déanaí, maidir le dlús an idirphlé beartais i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, rachaidh sin chun tairbhe do dhul chun cinn na hAlbáine maidir lena conair lánpháirtíochta san Eoraip, go háirithe tríd an gcaidreamh idir páirtithe leasmhara ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil mar aon le comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a neartú.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Eoraip níos láidre sa domhan mór:

Tacaíonn an Coimisiún Eorpach leis an iltaobhachas agus le hord domhanda atá bunaithe ar rialacha trí ról níos gníomhaí agus guth níos láidre a thabhairt don Aontas ar fud an domhain. Rud eile atá sa cheannaireacht Eorpach oibriú go dlúth le tíortha comharsanachta, straitéis chuimsitheach a thabhairt isteach maidir leis an Afraic agus peirspictíocht Eorpach thíortha na mBalcán Thiar a athdhearbhú. Féachann an Coimisiún le cur chuige comhordaithe i leith na gníomhaíochta seachtraí – idir chomhar forbartha agus an comhbheartas eachtrach agus slándála – sa chaoi go mbeidh guth níos láidre agus níos aontaithe ag an Eoraip sa domhan.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Chomh maith leis an Albáin agus leis na Ballstáit uile, tá an tAontas ina pháirtí sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) leis an Albáin freisin. Rinneadh tabhairt i gcrích CCC a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2009/332/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin is é Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, is bunús dlí le bunú Sheasamh an Aontais maidir le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin chun coistí speisialta eile a chur ar bun (Airt. 116, 117(2), 120(4) CCC). Dá bhrí sin, tá gá le cinneadh ón gComhairle.

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 217 agus 218, mír 9 de,

– Airteagal 2 den Chinneadh ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAlbáine den pháirt eile (dá ngairtear 'an Albáin' anseo feasta)

• **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Maidir leis an ngné Eorpach den togra, ghlac an Coimisiún Eorpach teachtaireacht le déanaí (COM(2023) 40 final) ina dírítear ar an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach. Léirítear go láidir inti gurb iad príomhchuspóirí an Aontais feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre agus is bealaí bunúsacha iad an t–idirphlé sóisialta agus an chómhargáil chun é sin a dhéanamh, rud a chuireann le táirgiúlacht níos airde agus a áirithíonn cothroime shóisialta, timpeallacht oibre ar ardchaighdeán agus daonlathas ag an obair san am céanna. Tá sé beartaithe gurb é a bheidh sna Comhchoistí Comhairliúcháin atá beartaithe fóraim don idirphlé agus don chomhar idir na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san Aontas Eorpach agus san Albáin, rud lenar féidir rannchuidiú go mór le forbairt a gcaidreamh agus le lánpháirtiú na hEorpa.

Maidir leis an ngá atá leis na Comhchoistí Comhairliúcháin, beartaítear leis an idirphlé agus an comhar sin an bealach a ullmhú faoi chuimsiú an Aontais don obair a dhéanfar amach anseo le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún agus do bhallraíocht na hAlbáine san Aontas Eorpach; malartú faisnéise maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh atá ann faoi láthair a éascú, go háirithe staid na himeartha atá cothrom le dáta maidir le beartas eacnamaíoch, sóisialta agus réigiúnach an Aontais agus maidir leis an bpróiseas aontachais; malartú faisnéise a spreagadh i gcur chun feidhme praiticiúil phrionsabal na coimhdeachta i ngach gné den saol ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; plé a dhéanamh ar aon ábhar ábhartha eile a mholtar ar thaobh ar bith, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus faoi chuimsiú na Straitéise Réamhaontachais.

Ar deireadh, is é breisluach na gComhchoistí Comhairliúcháin go bhféadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais dul i gcomhairle, chomh maith, leis na Comhchoistí Comhairliúcháin atá beartaithe sula nglacfaidh sí cinntí i réimsí ábhartha. Beidh comhairliúchán leis na coistí fós faoi rogha na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, áfach).

• **Comhréireacht**

Leagtar síos prionsabal na comhréireachta in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Féachann sé le gníomhartha a dhéanann institiúidí an Aontais Eorpaigh laistigh de theorainneacha sonraithe a shocrú.

Is é príomhchuspóir na gcomhchoistí comhairliúcháin faireachán a dhéanamh ar bhealach na hAlbáine i dtreo an Aontais, agus moltaí a ghlacadh le cur faoi bhráid rialtas na hAlbáine agus institiúidí an Aontais. Is é ról na gcomhchoistí comhairliúcháin chomh maith é a chur ar a gcumas d'ionadaithe eagraíochtaí sochaí sibhialta na hAlbáine eolas a chur ar an bpróiseas

comhairliúcháin san Aontas, chomh maith le ligean d'ionadaithe ar an Aontas eolas a chur ar struchtúir shóisialta agus ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta na n–athchóirithe san Albáin. Pléann na comhchoistí comhairliúcháin réimse leathan ábhar (neamh-uileghabhálach), lena n–áirítear comhar idir an Albáin agus an tAontas i réimsí éagsúla amhail an imirce, fuinneamh, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gairmoiliúint.

I gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais leis an Albáin ar cuireadh tús léi le déanaí, maidir le dlús an idirphlé beartais i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, rachaidh sin chun tairbhe do dhul chun cinn na hAlbáine maidir lena conair lánpháirtíochta san Eoraip, go háirithe tríd an gcaidreamh idir páirtithe leasmhara ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil mar aon le comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a neartú.

Cé go gcomhlánaíonn na comhchoistí comhairliúcháin le dearcadh na sochaí sibhialta creat institiúideach an Aontais a bhaineann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Albáin, fágtar an raon feidhme is gá ag an tír chun na moltaí a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Cuireann na comhinstitiúidí sin ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an dá thaobh faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht aontachais na tíre. Is éard atá sna comhinstitiúidí ardán chun saincheisteanna leasa choitinn a phlé agus chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na dúshláin a bheidh ann le linn na tréimhse aontachais

- **An rogha ionstraime**

Leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, tugtar an deis comhlachtaí comhpháirteacha a bhunú chun comhar idir an tAontas agus an tír chomhlachaithe a éascú. Is cleachtas seanbhunaithe é Comhchoistí Comhairliúcháin a bhunú le Coiste na Réigiún agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa faoi na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus tá roinnt samplaí dearfacha ann cheana féin i réigiún na mBalcán Thiar.

Chomh maith leis an Albáin agus leis na Ballstáit uile, tá an tAontas ina pháirtí sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) leis an Albáin. Rinneadh tabhairt i gcrích CCC a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2009/332/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin is é Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh is bunús dlí le bunú Sheasamh an Aontais maidir le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin chun coistí speisialta eile a chur ar bun (Airt. 116, 117(2), 120(4) CCC). Dá bhrí sin, tá gá le cinneadh ón gComhairle.

Ní gá bearta tacaíochta a éascú chun an Cinneadh a chur chun feidhme, ós rud é go leagtar amach san airteagal aonair agus san iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis na leasuithe ar a Rialacha Nós Imeachta chun na Comhchoistí Comhairliúcháin a chur ar bun.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar mar gheall ar an méid seo a leanas:

Leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, tugtar an deis comhlachtaí comhpháirteacha a bhunú chun comhar idir an tAontas agus an tír chomhlachaithe a éascú. Is cleachtas seanbhunaithe é Comhchoistí Comhairliúcháin a bhunú le Coiste na Réigiún agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa faoi na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus tá roinnt samplaí dearfacha ann cheana féin i réigiún na mBalcán Thiar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar mar gheall ar an méid seo a leanas:

Baineann an leasú le Rialacha Nós Imeachta Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais gan costais bhreise a chruthú ach comhar le tír chaibidlíochta a fheabhsú

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar airgeadais ag bunú na gComhchoistí Comhairliúcháin atá beartaithe ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh toisc gurb iad rannpháirtithe na hAlbáine atá freagrach as a gcostais féin agus go gcumhdaítear na speansais ar thaobh na n–institiúidí Eorpacha le buiséad an Aontais Eorpaigh

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá i gceangal leis seo téacs an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den chinneadh ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais thuasluaite a thabhairt i gcrích.

2023/0386 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Cinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin lena leasaítear a Rialacha Nós Imeachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 217 agus 218, mír 9 de,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAlbáine (dá ngairtear 'an Albáin' anseo feasta), den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 2, mír 1, de,

Ag féachaint d'oscailt na caibidlíochta aontachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin, a bhí ar siúl an 19 Iúil 2022,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 116 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais bunaítear Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais.

(2) Foráiltear le hAirteagal 117 (2) den Chomhaontú sin go mbunóidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a rialacha nós imeachta.

(3) Foráiltear le hAirteagal 120(4) den Chomhaontú sin go bhféadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais cinneadh a dhéanamh coistí nó comhlachtaí speisialta eile a bhunú a bheidh in ann cabhrú léi a cuid dualgas a chomhlíonadh. Foráiltear freisin leis an bhforáil chéanna den Chomhaontú sin go gcinnfidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, ina rialacha nós imeachta, comhdhéanamh agus dualgais na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin agus an chaoi ina bhfeidhmeoidh siad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh den Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bunú le hAirteagal 116 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Albáin, den pháirt eile, i ndáil leis an gComhchoiste Comhairliúcháin a bhunú le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus leis an gComhchoiste Comhairliúcháin le Coiste na Réigiún agus le leasú rialacha nós imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais sin dá bhforáiltear in Airteagal 120(4) den Chomhaontú sin, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, atá i gceangal leis an gCinneadh seo. Féadfar glacadh le mionleasuithe ar an dréachtchinneadh seo gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*